SW 24

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection
www.welfare.ie

Sochar Cóireála

Cad is Sochar Cóireála ann?

Is é is Sochar Cóireála ann ná scéim a fhéadfaidh ligean duit cáiliú dóibh seo a leanas:

- Sochar na bhFiacla
- Sochar na Súl
- Lionsaí Tadhaill (ar chúiseanna leighis)
- Áiseanna Éisteachta.

Sochar na bhFiacla

Cuimsíonn Sochar na bhFiacla scrúdú agus fáthmheas ar na fiacla.

Tabhair faoi deara:

Féadfaidh tú Sochar na bhFiacla a fháil i leith scrúduithe a dhéanfar i mballstáit eile den Aontas Eorpach (AE). Déan teagmháil le Rannóg an tSochair Chóireála sula dtaistealóidh tú, chun foirm iarratais agus sonraí de na méideanna a íocfaidh an Roinn a fháil.

Sochar na Súl

Ní chuimsíonn Sochar na Súl ach scrúdú ar na súile*.

*Ní íocann an Roinn as an gcostas a bhaineann le scrúdú ar na súile i dtaca le haonaid taispeána físe (VDU) amhail ríomhairí nó i dtaca le ceadúnais tiomána.

Tabhair faoi deara:

Féadfaidh tú Sochar na Súl a fháil i leith scrúduithe ar na súile a dhéanfar i mballstáit eile den AE. Déan teagmháil le Rannóg an tSochair Chóireála sula dtaistealóidh tú, chun foirm iarratais agus sonraí de na méideanna a íocfaidh an Roinn a fháil.

Lionsaí Tadhaill

Má tá gá agat le lionsaí tadhaill ar chúiseanna leighis, íocfaidh an Roinn as suas le leath an chostais, faoi réir ranníocaíochta seasta uasta, ar chuntar go mbeidh moladh ó dhochtúir agat.

Tabhair faoi deara:

Féadfaidh tú sochar a fháil i leith lionsaí tadhaill a cheannófar i mballstáit eile den AE, ar chuntar go mbeidh gá leis na lionsaí ar chúiseanna leighis. Déan teagmháil le Rannóg an tSochair Chóireála sula dtaistealóidh tú, chun foirm iarratais agus sonraí de na méideanna a íocfaidh an Roinn a fháil.

Áiseanna Éisteachta

Íocfaidh an Roinn as suas le leath an chostais a bhainfidh le háis éisteachta nó le deisiú ar áis éisteachta, faoi réir ranníocaíochta seasta uasta €500 i leith áise amháin agus €1,000 má tá gá agat le dhá áis.

Sula gceannóidh tú d'áis éisteachta is cóir duit deimhin a dhéanamh de gurb eol duit an méid a chaithfidh tú a íoc de bhreis ar do dheontas.

Is féidir an deontas seo a íoc le duine ag a bhfuil na ranníocaíochtaí riachtanacha ÁSPC nó le cleithiúnaí aosaithe an duine sin.

Is féidir leat liosta cuideachtaí seirbhísí éisteachta a fháil ar ár láithreán gréasáin **www.welfare.ie**. Is féidir leat do dheontas áise éisteachta a úsáid má cháilíonn tú nuair a cheannaíonn tú áiseanna éisteachta uathu.

Tabhair faoi deara:

Féadfaidh tú sochar a fháil i leith áise(anna) éisteachta a cheannófar i mballstáit eile den AE. Déan teagmháil le Rannóg an tSochair Chóireála sula dtaistealóidh tú, chun foirm iarratais agus sonraí de na méideanna a íocfaidh an Roinn a fháil.

Conas a cháilítear?

Chun cáiliú do Shochar Cóireála ní mór duit na coinníollacha ÁSPC a chomhlíonadh. Ní áirítear ach ÁSPC in Aicmí **A, E, H**, **P** agus ó 27 Márta 2017 **S**.

Má tá tú:	Ní mór iad seo ar a laghad a bheith agat:
Faoi bhun 21 bhliain d'aois	**39 ranníocaíocht ÁSPC íoctha ó thosaigh tú ag obair de chéaduair.**
Idir 21 bhliain agus 24 bliana d'aois	**39 ranníocaíocht ÁSPC íoctha ó thosaigh tú ag obair de chéaduair, agus:** • **39 ranníocaíocht ÁSPC íoctha nó curtha chun sochair* sa bhliain chánach ábhartha ar a mbunaítear d'éileamh, nó** • **26 ranníocaíocht ÁSPC íoctha sa bhliain chánach ábhartha agus sa bhliain chánach díreach roimh an mbliain chánach ábhartha.**
Idir 25 bliana agus 65 bliana d'aois	**260 ranníocaíocht ÁSPC íoctha ó thosaigh tú ag obair de chéaduair, agus:** • **39 ranníocaíocht ÁSPC íoctha nó curtha chun sochair* sa bhliain chánach ábhartha ar a mbunaítear d'éileamh, nó** • **26 ranníocaíocht ÁSPC íoctha sa bhliain chánach ábhartha agus sa bhliain chánach díreach roimh an mbliain chánach ábhartha.**
66 bliana d'aois nó níos sine	**Féach trasna an leathanaigh.**

*Caithfidh 13 seachtaine ar a laghad díobh seo a bheith ina ranníocaíochtaí **íoctha**. Mura bhfuil 13 ranníocaíocht íoctha agat sa bhliain chánach ábhartha, áfach, tá cead agat feidhm a bhaint as na blianta seo a leanas ina ionad sin:

— ceachtar den dá bhliain chánach roimhe sin, **nó**

— aon bhliain chánach tar éis na bliana ábhartha.

Níl feidhm ag na 13 seachtaine de ranníocaíochtaí íoctha:

- má shlánaigh tú 66 bliana d'aois roimh 6 Lúil 1992,
- má tá tú 55 bliana d'aois nó níos sine agus má tá 'creidmheasanna dífhostaíochta' á bhfáil agat,
- má tá tú ag fáil aon cheann de na híocaíochtaí Leasa Shóisialaigh seo a leanas:

— Pinsean Easláine,

— Liúntas Cúramóra,

— Sochar Cúramóra,

— Pinsean Stáit (Eatramhach),

— Sochar Breoiteachta (le 12 mhí anuas nó níos mó),

— cumasc de Shochar Cuardaitheora Poist agus Liúntas Cuardaitheora Poist Fostaíochta (le 12 mhí anuas nó níos mó),

— Liúntas Fadtréimhseach Cuardaitheora Poist, nó

— Liúntas Réamhscoir,

- má tá tú ar Scéim Fostaíochta Pobail, Scéim um Fhilleadh ar Obair, Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais nó ar Chlár Forbartha Fostaíochta Pobail.

I dtaca le hÉilimh a Rinneadh sa Bhliain:	Is í an Bhliain Chánach Ábhartha ná:
2016 →	**2014**
2017 →	**2015**
2018 →	**2016**

Tabhair faoi deara:

Má chomhlíonann tú na coinníollacha ÁSPC nuair a shlánóidh tú 60 bliain d'aois, fanfaidh tú cáilithe ar feadh do shaoil.

Más 66 bliana d'aois nó níos sine thú, bíonn éagsúlacht ar na riachtanais ranníocaíochta ÁSPC, ag brath ar cathain a shlánaigh tú 66 bliana d'aois.

Má shlánaigh tú 66 bliana d'aois:	Ní mór iad seo ar a laghad a bheith agat:
roimh 1 Deireadh Fómhair 1987	**156 ranníocaíocht ÁSPC íoctha ó thosaigh tú ag obair de chéaduair agus 26 ranníocaíocht ÁSPC íoctha nó curtha chun sochair i gceachtar den dá bhliain chánach ábhartha ar a mbunaítear d'éileamh.**
idir 1 Deireadh Fómhair 1987 agus 6 Lúil 1992	**208 ranníocaíocht ÁSPC íoctha ó thosaigh tú ag obair de chéaduair agus 39 ranníocaíocht ÁSPC íoctha nó curtha chun sochair i gceachtar den dá bhliain chánach ábhartha ar a mbunaítear d'éileamh.**
idir 6 Lúil 1992 agus 28 Bealtaine 2006	**260 ranníocaíocht ÁSPC íoctha ó thosaigh tú ag obair de chéaduair agus 39 ranníocaíocht ÁSPC íoctha nó curtha chun sochair* i gceachtar den dá bhliain chánach ábhartha ar a mbunaítear d'éileamh.**
Má shlánaigh tú 66 bliana d'aois ar 29 Bealtaine 2006 nó ina dhiaidh sin	**260 ranníocaíocht ÁSPC íoctha ó thosaigh tú ag obair de chéaduair, agus:** • **39 ranníocaíocht ÁSPC íoctha nó curtha chun sochair* i gceachtar den dá bhliain chánach ábhartha ar a mbunaítear d'éileamh, nó,** • **26 ranníocaíocht ÁSPC íoctha sa bhliain chánach ábhartha agus sa bhliain chánach díreach roimh an mbliain chánach ábhartha.**

Tabhair faoi deara

Má chomhlíonann tú na coinníollacha ÁSPC nuair a shlánóidh tú 66 bliana d'aois, fanfaidh tú cáilithe ar feadh do shaoil.

An gcuirtear árachas sóisialach ó lasmuigh d'Éirinn san áireamh?

Sochar Cóireála agus Rialacháin CE

Mura gcáilíonn tú do Shochar Cóireála de bhun do thaifid árachais shóisialaigh Éireannaigh, ach má d'oibrigh tú agus má rinne tú ranníocaíochtaí sóisialacha laistigh den Limistéar Eacnamaíoch Eorpach (LEE) tá cead agat feidhm a bhaint as do thaifead árachais shóisialaigh sa tír sin chun cabhrú leat cáiliú, ar chuntar go bhfuil ranníocaíocht ÁSPC amháin ar a laghad íoctha agat in **Aicme A, E, H**, **P** agus ó 27 Márta 2017 **S** ó d'fhill tú ar Éirinn.

Is iad na tíortha a chuimsítear ná:

- An Ostair
- An Bheilg
- An Bhulgáir
- Poblacht na Seice
- An Danmhairg
- An Eastóin
- An Fhionlainn
- An Fhrainc
- An Ghearmáin
- An Ghréig
- An Ungáir
- An Íoslainn
- Éire
- An Iodáil
- An Laitvia
- Lichtinstéin
- An Liotuáin
- Lucsamburg
- Málta
- An Iorua
- An Pholainn
- An Phortaingéil
- Poblacht na Cipire (An Chipir Theas)
- An Rómáin
- Poblacht na Slóvaice
- An tSlóivéin
- An Spáinn
- An tSualainn
- An Eilvéis
- An Ísiltír
- An Ríocht Aontaithe (Comhaontú Déthaobhach i dtaca le hOileáin Mhuir n-Iocht agus le hOileán Mhanann)

Ballstáit an AE

Is iad seo a leanas **Ballstáit an AE,** seachas Poblacht na hÉireann, inar féidir leat cóireáil agus íocaíocht a fháil faoi Scéim an tSochair Chóireála:

- An Ostair
- An Bheilg
- An Bhulgáir
- Poblacht na Seice
- An Danmhairg
- An Eastóin
- An Fhionlainn
- An Fhrainc
- An Ghréig
- An Ungáir
- An Iodáil
- An Laitvia
- An Liotuáin
- Lucsamburg
- Málta
- An Pholainn
- Poblacht na Cipire (An Chipir Theas)
- An Rómáin
- Poblacht na Slóvaice
- An tSlóivéin
- An Spáinn
- An tSualainn
- An Ísiltír
- An Ghearmáin
- An Phortaingéil
- An Ríocht Aontaithe

Tabhair faoi deara

Is cóir duit teagmháil a dhéanamh le Rannóg an tSochair Chóireála sula dtaistealóidh tú, chun foirm iarratais agus sonraí de na méideanna a íocfaidh an Roinn a fháil.

An bhfuilim i dteideal Sochar Cóireála a fháil de bhun thaifead árachais shóisialaigh mo chéile, mo pháirtnéara shibhialta nó mo chomhchónaitheora?

Is féidir leat Sochar Cóireála a fháil de bhun thaifead ÁSPC do chéile, do pháirtnéara shibhialta nó do chomhchónaitheora ar chuntar go gcomhlíonann sé/sí na coinníollacha ranníocaíochta cáiliúcháin agus ar chuntar gur duine thú atá i gcleithiúnas do chéile, do pháirtnéara shibhialta nó do chomhchónaitheora.

Meastar gur duine thú atá i gcleithiúnas do chéile, do pháirtnéara shibhialta nó do chomhchónaitheora:

— má tá ollioncam €100 nó níos lú agat sa tseachtain,

— má thuilleann tú níos mó ná €100 sa tseachtain agus má bhí tú i gcleithiúnas do chéile nó do pháirtnéara sular thosaigh tú nó sular atosaigh tú fostaíocht inárachaithe in **Aicme A, E, H**, **P** agus ó 27 Márta 2017 **S**,

— **mura** bhfaigheann tú íocaíocht leasa shóisialaigh (seachas Pinsean Míthreorach, Liúntas Leasa Forlíontach, Sochar Cúramóra nó Sochar Linbh),

— má fhaigheann tú an Liúntas Cúramóra nó an Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) de do cheart féin agus má bhí tú i gcleithiúnas do chéile, do pháirtnéara shibhialta nó do chomhchónaitheora díreach sula bhfuair tú an Liúntas nó an Pinsean.

An féidir liom cáiliú do Shochar Cóireála mar bhaintreach, mar bhaintreach fir nó mar pháirtnéir sibhialta marthanach?

Má bhí tú i dteideal an tSochair Chóireála de bhun thaifead árachais do chéile, do pháirtnéara shibhialata nó do chomhchónaitheora i dtráth a bháis nó a báis, leanfaidh tú de bheith i dteideal an tSochair Chóireála go ceann na tréimhse a bheidh tú i mbaintreachas.

Má tá tú ag obair, féadfaidh tú cáiliú do Shochar Cóireála de bhun do thaifid ranníocaíochta ÁSPC féin ar chuntar go gcomhlíonfaidh tú na coinníollacha cáiliúcháin ÁSPC.

Arna eisiúint ag:
Seirbhísí Eolais
An Roinn Coimirce Sóisialaí
Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Bóthar an Choláiste
Sligeach

Chun a thuilleadh eolais a fháil:

- Logáil isteach ar **www.welfare.ie**.
- Guthán: **(071) 919 3302**
  Íosghlao: **1890 66 22 44**
  Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh, le do thoil, ar **+ 353 71 91 93302.**
- Buail isteach chuig do Lárionad Intreo áitiúil, d'Oifig Chraoibhe áitiúil nó d'Ionad áitiúil um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Conas a dhéantar iarratas ar Shochar Cóireála?

Ní mór duit iarratas a dhéanamh ar fhaomhadh na Roinne tríd an bhfoirm iarratais nó trí na foirmeacha iarratais is cuí a líonadh.

Cineál cóireála:	Foirm iarratais:		Ar fáil ó:
• Sochar na bhFiacla	• iarratasóir • duine fásta cáilithe	D1 D2	Lialann Fiaclóra amháin
• Sochar na Súl	• iarratasóir • duine fásta cáilithe	O1 O2	Radharceolaithe nó Rannóg an tSochair Chóireála
• Áiseanna éisteachta nó lionsaí tadhaill*	• iarratasóir • duine fásta cáilithe	MA1 MA2	Soláthraithe nó Rannóg an tSochair Chóireála

* Ar chúiseanna leighis

Más mian leat leas a bhaint as cóireáil i mballstát eile den AE, déan teagmháil le Rannóg an tSochair Chóireála sula dtaistealóidh tú, chun foirm iarratais agus sonraí de na méideanna a íocfaidh an Roinn a fháil.

Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Chun a thuilleadh eolais ar Scéim an tSochair Chóireála a fháil, déan teagmháil le do Lárionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Chraoibhe áitiúil nó:

Rannóg an tSochair Chóireála
Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
An Roinn Coimirce Sóisialaí
Bóthar Oilibhéir Phluincéid Naofa
Leitir Ceanainn
Contae Dhún na nGall

Guthán: (074) 91 64480

Íosghlao:1890 400 400

Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh, le do thoil, ar + 353 74 9164480

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as úsáid uimhreacha 1890 (Íosghlao).

Is mar threoir amháin atá an bhileog seo agus ní léirmhíniú dleathach atá ann.

0k 04-17

Eagrán: Aibreán 2017